Corpoideachas trí Ghaeilge

Déan cúram cuí den sábháilteacht i gcónaí trína chinntiú go mbaineann an páiste feidhm as cleachtais shábháilte.

SEACHTAIN 2: TÉAMH SUAS 1 (GRÚPAÍ) AGUS TÉAMH SUAS 2 (DÉAN AITHRIS ORM)

Moltaí

B'fhiú Téamh Suas 1 (Grúpaí), a rinne sibh an chéad tseachtain a dhéanamh ar dtús arís inniu **agus** Téamh Suas 2 (Déan Aithris Orm) a dhéanamh chomh maith. Beidh deis acu dul siar ar theanga na seachtaine roimhe sin.

De réir a chéile a tógtar na caisleáin.

Is fiú 10 nóiméad a chaitheamh ag teagasc na Gaeilge (teanga riachtanach & teanga chomhlántach) sa seomra ranga roimh dhul amach. Féach ar na moltaí thíos don Phrionta sa Timpeallacht (póstaeir/luaschartaí ar an mballa).

Téamh Suas 1 & Téamh suas 2: Déan Aithris Orm (An Scáthán) lth 23 Lámha in Airde	**Teanga** atá **Riachtanach** chun an Téamh Suas a dhéanamh	**Teanga Chomhlántach - chun cumarsáid a chinntiú as Gaeilge i measc na bpáistí**
Fearas: scáthán a) *"Faigh páirtnéir"* – beidh gach beirt (A & B) ag obair le chéile. Duine amháin isea A, duine eile isea B. *b) "Tar amach anseo A agus B."* *c) "A is tusa an scáthán. B tá tusa ag féachaint isteach sa scáthán."* *d) "B – Bí ag léim. A is tusa an scáthán, bí ag léim freisin."* *e) "Anois B déan gníomh eile "Bí ag ___"*	*An bhfuil na bróga reatha dúnta?* *An bhfuil páirtnéir ag gach duine?* *Is tusa A, is tusa B. / Is mise A. is tusa B. An tusa _?* *Níl aon pháirtnéir agam. Tá páirtnéir agam.* *An bhfuil cead ag triúr againn dul le chéile.* *X, cad atá á dhéanamh agat? Tá mé ag ____.* *Y, cad a bhí á dhéanamh agat? Bhí mé ag ____.*	*Tá / Níl mé réidh. Tá mo bhróga ar oscailt.* *An féidir liom _____ a dhéanamh?* *Ní féidir liom _____ .* *Thit mé, a mhúinteoir.* *Tá mo chos / lámh tinn.* *Ghortaigh sé/sí mo _____.* *Bhuail _____ i mo choinne.* *Tá / Bhí X ag pleidhcíocht.*

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

agus ansin leanfaidh A tú / déanfaidh A aithris ort." f) Déanfaidh tú gach gníomh ar feadh 10 soicind. g) "X agus Y déan sampla dúinn."	*Tá / Bhí mé __ ____ _____ _____* *ag rith i gciorcal* *ag léim ar an spota* *ag preabadh ar chos amháin / ar dhá chois* ag guí ar mo ghlúine. *Cé mhéad gníomhaíocht a rinne tú?* *ceann amháin, dhá cheann, trí chinn, ceithre chinn, cúig chinn, sé chinn, seacht gcinn, ocht gcinn*	*Tá / Bhí X an-greannmhar.* *An bhfuil cead agam* *dul go dtí an leithreas.* *mo chóta a fháil.* *mo chóta a chur orm.* *mo gheansaí a bhaint díom.*
Prionta sa Timpeallacht Póstaeir / luaschártaí ar an mballa. Cuir teanga na gcuichí ar an mballa agus beidh cúnamh agus tacaíocht ann do na páistí.	**Cad atá á dhéanamh agat?** **Cad a bhí á dhéanamh agat?** **Tá / Bhí mé __ ____ _____ _____** **ag rith i gciorcal** **ag léim ar an spota** **ag preabadh ar chos amháin / ar dhá chois** **ag guí ar mo ghlúine.** **Cé mhéad? (rud)** **ceann amháin, dhá cheann, trí chinn, ceithre chinn, cúig chinn, sé chinn, seacht gcinn, ocht gcinn**	**An bhfuil cead agam** **dul go dtí an leithreas?** **mo chóta / deoch uisce a fháil?** **mo chóta a chur orm?** **mo gheansaí a bhaint díom?**

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

Teanga Mholta Bain úsáid as na nathanna seo chun na páistí a mholadh. Déanfaidh siad aithris ort de réir a chéile nuair a bheidh orthu féin cara a mholadh.	*Maith thú! Maith sibh!* *Maith an buachaill / an fear.* *Maith an cailín / an bhean.* *Maith thú / sibh!* *Go maith.* *An-iarracht.* *Go han-mhaith. Go hiontach.* *Ar fheabhas.* *Ar fheabhas ar fad!*	

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE